C/2024/2832

22.4.2024

**Fógra achomair maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gCás FSP. 100154, de bhun Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560**

(C/2024/2832)

An 3 Aibreán 2024, i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an 'Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha'), chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh sa chás thuasluaite tar éis dó teacht ar thásca leordhóthanacha, bunaithe ar réamh-athbhreithniú, gur deonaíodh fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach do Shanghai Electric UK Ltd. agus Shanghai Electric Hong Kong International Engineering Company (na 'Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu') sa nós imeachta soláthair phoiblí ar a dtugtar tuairisc thíos. Tá tionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe maidir leis an nós imeachta soláthair phoiblí faoina dtugtar fógra gan dochar don chinneadh críochnaitheach sa chás seo.

## 1. An nós imeachta soláthair phoiblí

An 27 Meán Fómhair thionscain 'Societatea PARC FOTOVOLTAIC ROVINARI EST S.A.' (dá ngairtear 'an tÚdarás Conarthach' anseo feasta) nós imeachta soláthair phoiblí oscailte dar luach thart ar EUR 375 mhilliún chun páirc fhótavoltach a dhearadh, a thógáil agus a oibriú sa Rómáin. Bhí an nós imeachta ar an ardán *Tenders Electronic Daily* faoin tagairt 'Romania-Târgu Jiu: Obair foirgníochta le haghaidh gléasra cumhachta, 2023/S 189-592487. Nasc TED: Oibreacha - 592487-2023 - TED Tenders Electronic Daily (europa.eu)

## 2. An Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoina dtugtar fógra

Tá Shanghai Electric UK Co., Ltd. agus Shanghai Electric Hong Kong International Engineering Co., Ltd. faoi úinéireacht nó faoi rialú 100 % Shanghai Electric Group Co., Ltd. Soláthraithe domhanda is ea Shanghai Electric UK Co., Ltd. agus Shanghai Electric Hong Kong International Engineering Co., Ltd a sholáthraíonn réitigh de ghrád tionsclaíoch i réimse an fhuinnimh, na monaraíochta agus an chomhtháthaithe faisnéise digití.

An 22 Eanáir 2024 chuir an tÚdarás Conarthach ar aghaidh chuig an gCoimisiún fógra de réir bhrí Airteagal 29(1) FSR, ar fógra é a chuir na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu isteach. Mheas an Coimisiún go raibh an fógra neamhchríochnaithe. Dá bhrí sin, an 19 Feabhra 2024 ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 29(4) FSR agus Airteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún ([2]) inar dearbhaíodh go raibh an fógra neamhchríochnaithe.

An 4 Márta 2024 chuir na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu fógra críochnaithe isteach, agus dá bhrí sin, de bhun Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2023/1441, dhearbhaigh gurbh é an 4 Márta 2024 dáta éifeachtach an fhógra. I gcomhréir le hAirteagal 30(2) de FSR, rinne an Coimisiún an réamh-athbhreithniú ar an bhfógra críochnaithe laistigh de 20 lá oibre.

## 3. Tásca maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith ann

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhfuair na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu – i gcomhréir le hAirteagal 28(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha – na fóirdheontais eachtracha seo a leanas de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha:

— Deontais rialtais a cuireadh ar fáil do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus dá gcuideachtaí sealbhaíochta le linn na tréimhse 3 bliana roimh an bhfógra, rud a thug tairbhe shonrach do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

— Aisíocaíochtaí cánach, dreasachtaí fioscacha agus tobhaigh de thart ar EUR 389 milliún ar a laghad a cuireadh ar fáil do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus dá gcuideachtaí sealbhaíochta le linn na tréimhse 3 bliana roimh an bhfógra, rud a thug tairbhe shonrach do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

([1]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 177, 12.7.2023, lch. 1).

— Maoiniú a cuireadh ar fáil do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus dá gcuideachtaí sealbhaíochta le linn na tréimhse 3 bliana roimh an bhfógra, rud a thug tairbhe shonrach do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

— Díolacháin earraí agus soláthar seirbhísí de thart ar EUR 546 mhilliún ar a laghad a cuireadh ar fáil do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus dá gcuideachtaí sealbhaíochta le linn na tréimhse 3 bliana roimh an bhfógra, rud a thug tairbhe shonrach do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

4. **Tásc maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach**

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a sainaithníodh roimh ré i Roinn 3 feabhas a chur ar staid iomaíoch na bPáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, difear diúltach iarbhír nó féideartha a dhéanamh d'iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Ar an gcéad dul síos, dearbhmhéid na bhfóirdheontas eachtrach féideartha sin a théann chun tairbhe na bPáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, tá sé níos airde ná luach na gconarthaí a bhfuil cuibhreannas na bPáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ag tairiscint ina leith. I gcomhréir leis na breithnithe in aithris (19) FSR ar dá réir is dócha gur cúis le saobhadh iad fóirdheontais eachtracha lena gcumhdaítear cuid mhór de luach measta conartha atá le dámhachtain i nós imeachta soláthair phoiblí. Cé go ndearna an Coimisiún iarracht tograí airgeadais na dtairgeoirí a fháil, níor chuir an tÚdaras Conarthach na tograí sin ar fáil le linn an réamh-athbhreithnithe. Dá bhrí sin, níl an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an tairiscint airgeadais a mhol na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus ní eisiann sé go raibh éifeacht shaobhach fhéideartha ag na fóirdheontais a sainaithníodh ar an tairiscint, rud a d'fhéadfaí a léiriú ina thairiscint airgeadais.

Ar an dara dul síos, níor chuir na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu aon fhaisnéis ar fáil maidir le cineál sonrach, coinníollacha, cuspóir nó úsáid na bhfóirdheontas eachtrach féideartha a shainaithnítear i Roinn 3 thuas. Mar sin féin, cé gur deonaíodh na bearta do Shanghai Electric Holdings Group Co., Ltd nó Shanghai Electric Group Co., Ltd., i bhfianaise na gceart caipitil atá ann cheana laistigh de struchtúr an ghrúpa, agus d'ainneoin na fianaise atá i seilbh an Choimisiúin maidir le maoiniú inghrúpa, agus ó tharla nach bhfuil aon tásc ann go raibh na fóirdheontais fhéideartha a deonaíodh don mháthairchuideachta teoranta sa chaoi nach bhféadfadh na Páirtithe a bhfuil fógra a thabhairt acu iad a úsáid ná tairbhe a bhaint astu, measann an Coimisiún go bhféadfadh éifeacht shaobhach a bheith ag na fóirdheontais eachtracha sin ar an tairiscint agus, dá bhrí sin, ar an margadh inmheánach.

Ar deireadh, is tásca breise iad an cúnamh airgeadais a chuir eintitis Shanghai Electric Group Co., Ltd. ar fáil do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu i gcomhair a n-oibríochtaí gnó, agus gnéithe neamhbhrabúsacha oibríochtaí eachtracha Shanghai Electric Group Co., Ltd., nuair a mheastar iad in éineacht leis na gnéithe eile a shainaithnítear sa chinneadh seo.

5. **Conclúid**

I bhfianaise na mbuntáistí eacnamaíocha móra a d'fhéadfadh a bheith ann do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu trí Shanghai Electric Group Co. Ltd, ar buntáistí iad a eascraíonn as na fóirdheontais thuas a sainaithníodh de roinnt billiún EUR ar a laghad a fuarthas 3 bliana roimh an bhfógra ar a dtugtar tuairisc i Ranna 3 agus 4 thuas, measann an Coimisiún go bhfuil tásca leordhóthanacha aige gur deonaíodh do na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu fóirdheontais eachtracha a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a shaobhadh.

6. **Cuireadh chun barúlacha a chur isteach**

I gcomhréir le hAirteagail 10(3)(d) agus 40(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus le hAirteagal 8(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441, iarrann an Coimisiún ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, Ballstát agus tríú tír a dheonaigh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 3 a mbarúlacha a chur isteach. I gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2023/1441, i gcás ina mbeidh faisnéis rúnda sna barúlacha i scríbhinn a chuirfear isteach, soláthróidh an duine a bhfuil aighneacht á cur isteach aige leagan neamhrúnda den aighneacht an tráth céanna leis an leagan rúnda.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh soláthraithe barúlacha a iarraidh nach nochtfar a gcéannacht. Deonófar anaithnideacht bunaithe ar chúis mhaith fhollasach a léirítear san iarraidh.

Chun go gcuirfear barúlacha san áireamh go hiomlán mar chuid den nós imeachta, ba cheart na barúlacha sin a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost chuig grow-fsr-pp-notifications@ec.europa.eu, agus an tagairt FSP leis. 100154.